# AN IDIRBHLIAIN AR BORD



## TOSAÍONN DO THURAS ANSEO

Tá daoine agus pobail ar fud na hÉireann á nascadh ag an iarnród le breis is 200 bliain. Is é seo do sheal chun na chéad chéimeanna eile a shamhlú. Is é Iarnród Éireann an chéad chéim eile. Tá Iarnród Éireann ag iarraidh ort gearrscannán 5 nóiméad a chruthú a phléann cén sórt iarnróid ba mhaith le daoine óga in Éirinn a fheiceáil sa bhliain 2050. Roinn do smaointe. Inis do scéal féin. Bíodh lámh agat i do thodhchaí féin.

## AN DÚSHLÁN

Cruthaigh gearrscannán 5 nóiméad, leat féin nó le grúpa, a fhreagraíonn an cheist seo a leanas: Cén chuma ar mhaith le daoine óga a bheith ar thaisteal iarnróid sa bhliain 2050?



Iarnród Éireann
Iarnród2050

## CÉN FÁTH AR CHEART PÁIRT A GHLACADH?

- Fiosraigh cúrsaí inbhuanaitheachta!
- Cuir le do phortfóilió idirbhliana!
- Buaigh duaiseanna iontacha!
- Forbair scileanna nua!
- Dear todhchaí an iarnróid!

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA

Seisiún Eolais ar Líne

Sula dtosaíonn tú ar do scannán a dhéanamh, beidh seisiún eolais ar líne againn chun cabhrú leat an dúshlán a thuiscint agus tús a chur le do chuid smaointe.

Pléifear na nithe seo a leanas sa seisiún:

- Bí Sábháilte – conas páirt a ghlacadh go sábháilte
- Cad é atá i gceist leis an gcomórtas
- Leideanna chun smaoineamh agus scéal maith a cheapadh
- Leideanna simplí scannánaíochta agus eagarthóireachta
- Deis ceisteanna a chur
- **Cláraigh** Cláraigh trí do scoil
- **Foghlaim** Freastail ar an seimineár gréasáin ar líne
- **Bí Páirteach** Labhair le daoine thart ort
- **Pleanáil** Forbair do smaointe agus scéalchlár
- **Cruthaigh** Déan taifead agus eagarthóireacht ar d'fhíseán
- **Cuir isteach** Uaslódáil d'fhíseán roimh an spriocdháta

## AMLÍNE AN CHOMÓRTAIS

| | |
|---|---|
| **Meán Fómhair** | Osclaíonn an clárú |
| **Deireadh Fómhair** | Seisiún eolais ar líne |
| **Eanáir** | Spriocdháta le haghaidh taisceadh |
| **Feabhra** | Moltóireacht agus gearrliostú |
| **Márta** | Fógrófar na craobhiomaitheoirí |
| **Aibreán** | Seóthaispeántas Náisiúnta & Duaiseanna |

## BÍ SÁBHÁILTE

Tá do shábháilteacht agus sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár gcomhghleacaithe níos tábhachtaí ná aon rud eile.

Níor cheart duit cuairt a thabhairt ar stáisiún traenach, ar líne iarnróid ná ar shaoráid iarnróid chun do scannán a dhéanamh.

Ba cheart duit an scannán ar fad a dhéanamh in áit sábháilte:

- Sa bhaile
- Ar scoil, faoi mhaoirseacht do mhúinteora
- In áit shábháilte eile atá glan ón iarnród

Is féidir leat úsáid a bhaint as gearrthóga iarnróid ar líne, as íomhánna, as grianghraif agus as ábhair eile atá ar fáil go héasca. Níor cheart duit scannánaíocht a dhéanamh ag stáisiún traenach ná i dtimpeallacht iarnróid.

Tábhachtach: Níl cead agat scannánaíocht a dhéanamh ar an iarnród ná in aice leis. Má bhíonn píosa ar bith i do scannán a taifeadadh ar an iarnród nó in aice leis, dícháileofar ón gcomórtas thú.

**Bí cruthaitheach. Bí sábháilte. Is é do smaoineamh féin is tábhachtaí!**

## CEISTEANNA TREORACHA

- Cad atá feicthe agat i dtíortha eile atá go maith a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm anseo in Éirinn?
- Conas is féidir leis an iarnród tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tithíochta agus do cheantair thuaithe in Éirinn?
- Conas is féidir leis an iarnród gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn in Éirinn?
- Conas is féidir leis an iarnród cuidiú le daoine óga rochtain a fháil ar oideachas, ar obair agus ar dheiseanna?
- Cén smaoineamh nó cén teicneolaíocht nua a d'fhéadfadh taisteal iarnróid in Éirinn a athrú ó bhonn?
- Cén sórt turais traenach a bheadh foirfe, dar leat?
- Dá mbeifeá i d'Aire Iompair, cad é an chéad thionscadal iarnróid a chuirfeá tús leis?
- Conas is féidir an t-iarnród a dhéanamh níos inrochtana agus níos ionchuimsithí do gach duine?



**Is féidir leat scannán a dhéanamh in aon stíl: Scannán Faisnéise, Beochan, Fógra, Tuairisc Nuachta, Dráma, Agallamh, Vlag, Coiméide.**

**Tá an chruthaitheacht níos tábhachtaí ná ceamara costasach – níl uait ach fón cliste!**



## DO SCANNÁN

Ba cheart do do scannán:

- A bheith 3 nóiméad ar a laghad
- A bheith 5 nóiméad ar a mhéad
- A bheith taifeadta i mód portráide
- Freagra soiléir a thabhairt ar an gceist
- A bheith ina shaothar bunaidh de do chuid féin
- A bheith fóirsteanach do gach lucht féachana

## CAD ATÁ Á LORG AG NA MOLTÓIRÍ

| Critéir | Ualú |
|---|---|
| CRUTHAITHEACHT & ÚRNUACHT | 25% |
| SCÉALAÍOCHT | 20% |
| FREAGRA AR AN TÉAMA | 20% |
| CUMARSÁID NA SMAOINTE | 15% |
| CAIGHDEÁN TEICNIÚIL | 10% |
| TIONCHAR GINEARÁLTA | 10% |

## DUAISEANNA




**An Chéad Áit:**
iPadanna, Turas do Rang na hIdirbhliana, Corn




**An Dara hÁit:**
Ceamaraí GoPro agus Corn




**An Tríú hÁit:**
Fearas Cruthaitheora agus Corn

**Is minic gurb iad na scéalta simplí a insítear go maith a chuireann na smaointe is láidre i láthair, seachas ceamaraí costasacha**





**Poibleofar do smaointe ar ár meáin shóisialta agus ár suíomh gréasáin!**

Gheobhaidh gach craobhiomaitheoir ar an ngearrliosta:

- Cuireadh chuig an Seóthaispeántas Náisiúnta.
- Teastas Aitheantais.







# BÍ SÁBHÁILTE

Tá do shábháilteacht agus sábháilteacht gach duine thart ort níos tábhachtaí ná aon rud eile.

Níor cheart duit scannánaíocht a dhéanamh:

- Ar ráillí iarnróid ná in aice leo
- Ar bhonneagar iarnróid ná in aice leis
- Ag crosairí comhréidhe
- Ar ardáin iarnróid ná i stáisiúin
- Áit ar bith ar an iarnród ná in aice leis

Cá háit ar féidir scannánaíocht a dhéanamh?

- Ar scoil, faoi mhaoirseacht do mhúinteora
- Sa bhaile
- In áit shábháilte eile atá glan ón iarnród

Ní bheidh ort dul in aice leis an iarnród in am ar bith chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

Is féidir leat úsáid a bhaint freisin as gearrthóga ar líne, as íomhánna, as grianghraif, as beochan, as grafaicí, as agallamh nó as ábhair chruthaitheachta eile chun beocht a chur i do smaoineamh.

Ná déan scannánaíocht tú féin ar an iarnród ná in aice leis.

Má bhíonn píosa ar bith i do scannán a taifeadadh ar an iarnród nó in aice leis, dícháileofar ón gcomórtas thú.

Ná cuir tú féin, do chairde, do chomhscoláirí ná aon duine eile i mbaol in am ar bith ar mhaithe le físeán.

Má tá tú ag taisteal ar an traein nó ag tabhairt cuairt ar stáisiún

- Ná téigh ar na ráillí iarnróid in am ar bith.
- Ná trasnaigh na ráillí ach ag crosairí sonraithe agus nuair a bheidh sé sábháilte agus ceadaithe é sin a dhéanamh.
- Ag stáisiúin, fan taobh thiar den líne bhuí sábháilteachta i gcónaí, ach amháin nuair a bhíonn tú ag dul ar bord nó ag tuirlingt den traein.
- Lean treoracha na foirne iarnróid i gcónaí.
- Lean treoracha sábháilteachta do scoile agus do thuismitheoirí/do chaomhnóirí i gcónaí.
- Bí cruthaitheach. Bí sábháilte. Is é do smaoineamh féin is tábhachtaí!





## AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Is é Iarnród2050 fís fhadtéarmach Iarnród Éireann do thodhchaí iarnróid na hÉireann. Leagann sé plean amach chun an t-iarnród a dhéanamh mar chnámh droma an iompair inbhuanaithe roimh 2050, rud a chruthaíonn gréasán níos glaise, níos tapa, níos inrochtana agus nasctha níos fearr do dhaoine, comhlachtaí agus pobail fud fad na tíre.

Tacaíonn sé freisin le comhtháthú níos fearr le busanna, rothaíocht agus siúl, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca do dhaoine roghanna taistil inbhuanaithe a roghnú.



**Is iad daoine óga paisinéirí, oibrithe agus cinnteoirí na todhchaí. Is é sin an fáth a bhfuil do smaointe chomh tábhachtach sin. Tugann An Idirbhliain ar Bord deis duit d'fhís a roinnt linn chun todhchaí an iarnróid in Éirinn a chur chun cinn.**

**Go bunúsach, is é atá i gceist le hIarnród2050 ná iarnród a thógáil a oibreoidh do na glúnta atá le teacht.**

Iarnród Éireann
Iarnród2050

# PRÍOMHLEIDEANNA LE GO N-ÉIREOIDH LEAT

### Tosaigh go luath
Tabhair go leor ama duit féin chun plean, taifead agus eagarthóireacht a dhéanamh.

### Coinnigh simplí é
Dírigh ar theachtaireacht láidir – tá teorainn ama ann!

### Oibrigh le chéile
Bíodh tú i d'aonar nó ar fhoireann, iarr tacaíocht.

### Seiceáil na sonraí
Féach ar do scannán sula gcuireann tú isteach é chun botúin nó earráidí beaga a aimsiú.

### Inis scéal
Samhlaigh cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an iarnród sa bhliain 2050 agus tabhair do smaoineamh chun beatha.

### Taispeáin do chumas
Cinntigh go bhfuil bhur nguthanna agus smaointe uathúla le feiceáil go soiléir.

### Bíodh spraoi agat!
Bain sult as an eispéireas agus bí bródúil as do chuid oibre!

### Bí uaillmhianach
Bíodh sé de mhisneach agat a bheith uaillmhianach agus samhlaigh cén chuma a bheidh ar an iarnród sa bhliain 2050.

### Labhair le daoine eile
Faigh dearcthaí éagsúla agus lig don phobal páirt a ghlacadh.

### Coinnigh spéisiúil é
Cuir tús spéisiúil leis agus tabhair fáth do dhaoine coinneáil orthu ag féachaint air.

### Dírigh ar an todhchaí
D'fhéadfadh tionchar a bheith ag do chuid smaointe ar thodhchaí iarnróid na hÉireann.

### Bí cruthaitheach
Bain triail as beochan, agallaimh, grafaicí, coiméide, scéalaíocht, ceol, nó aon stíl chruthaitheach eile a oireann do do smaoineamh.

### Coinnigh soiléir é
Déan cinnte go dtuigeann an lucht féachana do smaoineamh agus an teachtaireacht ar mhaith leat a roinnt leo.

### Aimsigh láthair shábháilte chun scannánaíocht a dhéanamh ann
Is féidir leat an scannán ar fad a dhéanamh sa bhaile nó ar scoil Ní gá duit cuairt a thabhairt ar stáisiún traenach ná dul in aice leis an iarnród ar chor ar bith. Ní gá duit cuairt a thabhairt ar stáisiún traenach ná ar shuíomh iarnróid chun do scannán a dhéanamh.





# CEISTEANNA COITIANTA

**Cá háit ar féidir liom cabhair a fháil?**

Is féidir leat ceisteanna a chur ar do mhúinteoir, ar dhaltaí eile i do rang nó ar an bhfoireann in Iarnród Éireann ag am ar bith agus tú i mbun do thionscadail scannáin – is féidir leat teacht ar ár seoladh ríomhphoist thíos!

**An féidir liom ceol a úsáid?**

Is féidir, ach cead a bheith agat é a úsáid, nó ceol atá saor ó dhleachtanna a roghnú!

**An féidir liom oibriú i bhfoireann?**

Is féidir, cinnte! Moltar an comhoibriú!

**An féidir liom AI a úsáid?**

Is féidir chun cuidiú le cúrsaí pleanála agus eagarthóireachta amháin – caithfidh tú do smaointe, an script agus an scannán a chumadh tú féin!

**An féidir liom cur isteach ar an gcomórtas i m'aonar?**

Is féidir, cuirtear fáilte roimh iontrálacha aonair!

**Cad a tharlóidh má chuirtear ar an ngearrliosta mé?**

Gheobhaidh tú cuireadh chuig Searmanas Bronnta ina dtaispeánfar do scannán!

**An bhfuil trealamh scannánaíochta proifisiúnta ag teastáil uaim?**

Níl! Is leor fón, táibléad nó ceamara bunúsach. Is iad do smaoineamh agus do chruthaitheacht is mó a bhfuil tábhacht leo.

**An bhfuil orm scannánaíocht a dhéanamh ag stáisiún traenach nó ar an iarnród?**

**Níl, ar chor ar bith!**

Níor cheart scannánaíocht a dhéanamh ar an iarnród ná in aice leis in am ar bith.

Is féidir leat do scannán iomlán a dhéanamh go sábháilte sa bhaile, ar scoil nó in áit shábháilte eile atá glan ón iarnród

Is féidir leat úsáid a bhaint freisin as gearrthóga ar líne, as grianghraif, as íomhánna, as beochan, as grafaicí, nó as ábhair eile chun cabhrú leat do scéal a insint.

Má bhíonn píosa ar bith i do scannán a taifeadadh ar an iarnród nó in aice leis, dícháileofar ón gcomórtas thú.

**An bhfuil orm a bheith sa scannán?**

Níl. Is féidir leat a bheith os comhair an cheamara, beochan a úsáid, guthú a dhéanamh, grafaicí a chur ann, agallaimh a dhéanamh nó cur chuige cruthaitheach ar bith eile a oireann duit.

**An féidir liom píosaí scannánaíochta de thraenacha nó de stáisiúin traenach a úsáid?**

Níor cheart duit d'ábhar scannánaíochta féin a thaifeadadh ag stáisiún traenach ná ag suíomh iarnróid.

Déan do scannán gan tú féin nó duine ar bith a chur i mbaol.

# GLAC PÁIRT ANOIS AGUS TAR
# AR BORD LINN!



## FAN I DTEAGMHÁIL LINN

Le haghaidh uasdátaithe, acmhainní, agus meabhrúcháin spriocdháta agus tacaíocht eile:

**Lean ár gcainéil ar na meáin shóisialta:**

**Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin:**

**Seol ríomhphost chugainn:**

TYonTrack@irishrail.ie

**#ANIDIRBHLIAINARBORD**




Iarnród Éireann
Iarnród2050